



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

Léigh Go Cúramach, Le Do Thoil

Post

Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht Stáisiún Dóiteáin Inis Mór

Nótaí Tábhachtacha:

- Cuir isteach d'fhoirm iarratais agus gach doiciméad riachtanach eile san áireamh chuig hr@galwaycoco.ie mar **AON DOICIMÉAD AMHÁIN** (seachas doiciméid a scanadh ina n-aonar).
- Ní mór d'iarrthóirí cóip de na cáilíochtaí dearbhaithe go léir agus cóip dá gceadúnas tiomána a chur isteach lena bhfoirmeacha iarratais.
- Ní mór foirmeacha iarratais a chomhlánú ina n-iomláine. Ní bhreithneofar CVanna.

Clár na nÁbhar

1. An Comórtas	3
2. Seirbhís Dóiteáin- Ról	3
3. Seirbhís Dóiteáin - Dualgais	5
4. Cáilíochtaí don Phost	6
Incháilitheacht	6
Carachtar	6
Aois	6
Scor	6
Sláinte	7
Scrúdú Leighis	7
Áit Chónaithe/Áit Oibre	7
Fostaíocht Eile	8
Oideachas agus Taithí	8
Ceadúnas Tiomána	9
Saoránacht	9
Comhionannas Fostaíochta	9
5. Forálacha Ilghnéitheacha	9
Tuarastal	10
Saoire Bhliantúil	11
Infhaighteacht agus Tinreamh	11
Promhadh	12
Sláinte agus Sábháilteacht	12
Foghlaim agus Forbairt	12
Éadaí/Trealamh	13
Saoire Bhreoiteachta	13
Pinsean	13
Ranníocaíocht Aoisliúntais	14
Sochair Fostaithe	14
6. Próiseas Roghnúcháin	15
Céim 1: Déan athbhreithniú ar an Doiciméad Eolais ina iomláine agus Comhlánaigh an Ceistneoir:	15
Céim 2: Iarratas Foirmiúil:	15

Céim 3: Tástálacha Oiriúnachta a bhaineann leis an Obair:	15
Céim 4: Agallamh:	16
7. Seiceálacha Réamhfhostaíochta	16
8. Cumarsáid	18
9. An Cló Beag	18
Aguisín 1 Ceistneoir do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht	21
Aguisín 2 Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Roghnúcháin	24

1. An Comórtas

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag lorg iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí ar mian leo a bheith san áireamh ar phainéal as a roghnófar folúntais ar chonradh buan agus ar chonradh téarma sheasta do phost an Chomhraiceoir Dóiteáin ar áirithíocht do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is post páirtaimseartha agus inphinsin é.

2. Seirbhís Dóiteáin- Ról

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála agus seirbhís Cosc Dóiteáin a sholáthar do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is post páirtaimseartha agus inphinsin é.

Freagraíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe gach glao éigeandála ar chúnamh ón bpobal, go príomha chun beatha a chosaint agus gortú do dhaoine aonair a sheachaint, ach chun damáiste do mhaoín a chosc agus a shrianadh freisin. Ní hamháin go bhfuil glaonna éigeandála i gceist le tinte, ach le réimse leathan teagmhas amhail timpistí tráchta bóthair, timpistí innealra, doirteadh ceimiceán, astaíochtaí tocsaineacha agus tarrthálacha abhann i measc nithe eile.

Chun an tseirbhís seo a sholáthar don phobal, ní mór don tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála pleananna oibríochtúla a fhorbairt, lena n-áirítear soláthar soláthairtí uisce leordhóthanacha le haghaidh comhrac dóiteáin; a chinntiú go bhfuil socruithe éifeachtacha ann chun glaonna éigeandála '999' a fháil agus acmhainní a shlógadh; córais chumarsáide oibríochtúla éifeachtacha a chur i bhfeidhm ar fud na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála; sábháilteacht dóiteáin a fhorfheidhmiú, a chur chun cinn agus a spreagadh laistigh den Chontae trí chlár chigireachta agus phoiblíochta; oiliúint éifeachtach a dhéanamh chun scileanna agus cumais na foirne a fhorbairt; agus a áitreabh, a fheithiclí, a ghléasra agus a threalamh a sholáthar, a chothabháil agus a dheisiú.

Tá comhraiceoirí dóiteáin láncháilithe in ann an trealamh, na modhanna agus na teicnící is nua-aimseartha a úsáid chun an raon iomlán dualgas a dhéanamh amhail comhrac dóiteáin, tarrtháil, freastal ar thimpistí tráchta bóthair agus éigeandálaí eile. Tá saol oibre agus oiliúint an chomhraiceora dóiteáin dírithe ar fhreagairt go sábháilte agus go héifeachtach do ghlaonna éigeandála, beag beann ar an aimsir nó ar an am den lá nó den oíche. Gach uair a ghlaotar ar chomhraiceoirí dóiteáin chuig láthair éigeandála; ní mór dóibh a bheith ullamh chun gach aon scil ina bhfuil oiliúint faighte acu a imscaradh. Nuair a shroicheann siad teagmhas mar chuid d'fhoireann faoi cheannas Oifigigh, b'fhéidir go mbeadh orthu go leor eolais a thógáil isteach go tapa ina n-aonar agus na scileanna atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm i ndálaí a bheidh thar a bheith contúirteach agus mearbhlach go minic. In ainneoin na hoiliúna ar fad a thugtar mar ullmhúchán do na teagmhais sin, áfach, beidh comhraiceoirí dóiteáin ag tabhairt aghaidh ar chásanna nua ó am go ham ina mb'fhéidir go mbeadh orthu freagraí a thabhairt ina n-aonar agus taithí roimhe seo mar threoir acu.

I gcás éigeandála, d'fhéadfadh go mbeadh fearas anáilaithe á chaitheamh ag comhraiceoirí dóiteáin, ag mothú a mbealach trí fhoirgneamh atá lán deataigh agus ina bhfuil guaiseacha tocsaineacha, d'fhonn tarrtháil a chur i gcrích.

Chun feidhmiú go héifeachtach in éigeandálaí ní mór do chomhraiceoirí dóiteáin na tréithe seo a leanas a léiriú:

- Misneach agus neart fisiciúil;
- Cumas dua tapa, dian agus leanúnach a chaitheamh le rud;
- Glacadh gan cheist le horduithe i gcásanna éigeandála;
- Cumas gníomhú as a stuaim féin úsáid nuair a bhíonn siad ina n-aonar;
- Eolas iomlán agus uathoibríoch ar threalamh agus uirlisí na gairme (a d'fhéadfadh a bheith idir ghnéithe móra gléasra amhail feithiclí trealamh múchta tine);
- Tuiscint phraiticiúil ar bhunús raon leathan ábhar is gá chun guaiseacha a réamh-mheas agus a shárú;
- Comhbhá a léiriú le híospartaigh cásanna éigeandála;
- Cumas a bhfeidhm a chomhlíonadh i gcúinsí a d'fhéadfadh a bheith suaite agus coscrach ó am go ham.

Post Maith:

Is post an-tarraingteach é obair sa tSeirbhís Dóiteáin – tá sé dírithe ar ghníomh, tugtar deis freastal ar an bpobal, chomh maith le sástacht poist agus oiliúint ardleibhéil. Más féidir leat freastal ar riachtanais seirbhíse poiblí a bhfuil dea-cháil uirthi as déileáil le gach cineál teagmhais thromchúiseacha, is féidir leis an tSeirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht post sásúil a thairiscint duit.

Gairm Shásúil agus Fhorchéimnitheach:

Beidh gairm mar chomhraiceoir dóiteáin ar áirithíocht dúshlánach go fisiciúil agus go meabhrach araon. Beidh tú 'ar glao-dhualgais' go hoibríochtúil a luaithe a bheidh d'oiliúint earcaíochta críochnaithe agat agus beidh tú ar promhadh don chéad bhliain. Beifear ag súil go ndéanfaidh tú réimse leathan eolais a ionsú agus go léireoidh tú do scileanna teicniúla agus praiticiúla trí shraith measúnuithe agus scrúduithe.

Ag Feabhsú i gCónaí:

Ní mór feabhsuithe ar theicnící agus ar threalamh múchta tine a bheith mar chomhfhreagras d'fhorbairtí teicneolaíocha i ngach gné dár saol agus do ghuaiseacha nua. Is inmhianaithe caighdeán réasúnta oideachais a bheith agat ionas gur féidir leat an obair theicniúil a bhaineann le seirbhís an lae inniu a chomhshamhlú. Tá ról an chomhraiceora dóiteáin nua-aimseartha an-dúshlánach agus luachmhar agus ní mór do dhaoine aonair diongbháilteacht, seasmhacht fhisiciúil agus smacht a léiriú i gcásanna strusmhara.

3. Seirbhís Dóiteáin - Dualgais

Seo a leanas cuid de na Príomhdhualgais atá ar Chomhraiceoir Dóiteáin ar áirithíocht:

- Freastal ar thine agus ar éigeandálaí eile, ar dhruileanna, ar thaispeántais agus ar dhualgais eile ag cibé amanna agus ar feadh cibé tréimhsí a cheanglaíonn an Chomhairle Contae. Déanfar nós imeachta araíonachta na Comhairle a láimhseáil má theipeann ar dhaoine freagairt go pras do ghlaonna dóiteáin nó éigeandála eile.
- Agus tú ag obair do sheirbhís na Briogáide Dóiteáin, bí ullamh glacadh leis an obair a bheidh i gceist agus do dhualgas mar Chomhraiceoir Dóiteáin a chomhlíonadh chomh maith agus is féidir leat maidir le beatha a shábháil, maoin a shábháil agus tine nó éigeandálaí eile den chineál céanna a mhúchadh.
- Cloí le Socruithe Bainistíochta Criú Chomhairle Contae na Gaillimhe do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht. Má bhíonn tú ar fuireachas le linn dóiteáin nó teagmhais eile, fanfaidh tú ag an Stáisiún agus comhlíonfaidh tú cibé dualgais a shannfaidh an tOifigeach Stáisiúin duit ó am go ham le linn an ghlaao amach.
- A chinntiú go gcoinnítear an Stáisiún Dóiteáin glan agus slachtmhar i gcónaí. Coinneofar trealamh múchta tine glan, cothabhálfar i gceart é agus stórálfar é ar bhealach sábháilte.
- Cloí le gach Comhaontú Náisiúnta agus Áitiúil a bhaineann leis na Seirbhísí Dóiteáin agus comhoibriú leo.
- Freastal ar Chúrsaí Oiliúna nuair a iarrtar é a dhéanamh.
- Dualgais tiomána a chomhlíonadh de réir mar is gá.
- Beartais, nósanna imeachta agus reachtaíocht na heagraíochta a chomhlíonadh.
- Aon dualgais eile a shanntar ó am go ham.

4. Cáilíochtaí don Phost

Incháilitheacht

Caithfidh gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais:

1. Beidh staid sláinte aige/aici a léireodh seans réasúnta go mbeidh siad in ann seirbhís rialta éifeachtúil a sholáthar.
2. Leibhéal sásúil oideachais a bheith bainte amach aige/aici chun go mbeidh sé/sí in ann feidhmiú go sásúil mar Chomhraiceoir Dóiteáin agus an oiliúint chuí a dhéanamh go rathúil.
3. Ceadúnas Tiomána bailí iomlán de Chatagóir B a bheith ina s(h)eilbh tráth an iarratais ar an bpost. Tabharfar deis do gach Comhraiceoir Dóiteáin nuacheaptha ar Áirithíocht Ceadúnas Tiomána de Chatagóir C a fháil.
4. A bheith ina c(h)ónaí agus ag obair laistigh den am taistil freagartha riachtanach mar a leagtar amach i gcritéir chónaithe an leabhráin seo.
5. A bheith ar fáil agus freastal ar fholáirimh 24 seachtain sa bhliain ar bhonn uainchláir/solúbtha.

Carachtar

Ní mór dea-theist a bheith ar Chomhraiceoir Dóiteáin agus ní cheadóidh sé/sí drochcháil a thabhairt don Chomhairle Contae ag am ar bith. Féadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe aon fhiosrúcháin a mheasann sí is gá a dhéanamh chun an coinníoll seo a chomhlíonadh. Beidh fostaíocht faoi réir teistiméireachtaí sásúla agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a sholáthar.

Aois

Ní mór d'iarrthóirí a bheith os cionn 18 mbliana d'aois ar dháta an iarratais. Aon iarrthóir a shroicheann 55 bliana d'aois roimh an gceapachán, ní bheidh sé nó sí incháilithe le haghaidh ceapacháin a thuilleadh de bharr thoradh an chomórtais.

Scor

Is é 55 an ghnáthaois scoir. Féadfar aois scoir comhraiceoirí dóiteáin a shíneadh suas le 62 bliain de réir rogha Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar a bhfostóir agus faoi réir scrúdú leighis a chríochnú go rathúil ag Comhairleoir Leighis na Comhairle don chomhraiceoir dóiteáin do gach seirbhís tar éis 55 bliana d'aois.

Sláinte

Beidh ar iarrthóirí rathúla a dtairgtear fostaíocht dóibh scrúdú leighis agus tástálacha eile a dhéanamh sula dtabharfar conradh dóibh. Déantar na tástálacha seo ar a c(h)ostas féin (féadfadh é seo a aisghabháil ina dhiaidh sin nuair a cheapfar é/i).

Déanfaidh Comhraiceoir Dóiteáin Oibríochtúil an méid seo a leanas: -

1. Aontú páirt a ghlacadh sa Scéim Sláinte Ceirde do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht atá i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe; agus
2. Tráth ar bith, má iarrann an Chomhairle Contae é, dul faoi scrúdú/scrúduithe leighis ag scrúdaitheoir(i) leighis a ainmneoidh an Chomhairle Contae; agus
3. Freastal ar scrúduithe leighis de réir na minicíochta atá leagtha síos sa Scéim Sláinte Ceirde do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht
4. Tá gá le Comhraiceoir Dóiteáin oibríochtúil chun leibhéal cuí folláine choirp a choinneáil.

Scrúdú Leighis

Sula n-earcaítear iarrthóir, ní mór dó dul faoi scrúdú leighis den sórt sin (lena n-áirítear X-gha agus/nó tástálacha speisialta eile) a mheasann an Chomhairle is gá agus i gcomhréir leis an treoir agus na ceanglais náisiúnta do chomhraiceoirí dóiteáin coinnithe/an Córas Sláinte Ceirde do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht. Ainmneoidh an Chomhairle na scrúdaitheoirí leighis. Ní mór d'iarrthóir, ar a chostas féin, cloí le cibé ceanglais leighis a mheasfaidh an Chomhairle is gá.

Beidh ar chomhraiceoirí dóiteáin atá fostaithe ag an gComhairle scrúduithe leighis éigeantacha rialta a dhéanamh mar a leagtar amach sa Chóras Sláinte Ceirde do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht, suas go dtí 55 bliain d'aois agus ansin go bliantúil suas go dtí 62 bliain d'aois. Beidh ar Chomhraiceoir Dóiteáin nach bhfuil in ann an Chomhairle a shásamh maidir lena gcumas a ndualgais a chomhlíonadh de réir an chaighdeáin riachtanaigh dul ar scor.

Áit Chónaithe/Áit Oibre

Ní mór do gach iarratasóir ar phost an Chomhraiceora Dóiteáin ar Áirithíocht a bheith in ann freagairt dá stáisiún dóiteáin áitiúil laistigh d'am leordhóthanach tar éis glao a sheoladh chuig a nglaoire (a iompraíonn an comhraiceoir dóiteáin). Ní mór do Chomhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht a bheith ina c(h)ónaí agus ag obair laistigh d'uasmhéid 8 nóiméad d'am taistil óna

Stáisiún Dóiteáin ar Áirithíocht sannta, chun go mbeidh siad in ann freagairt ar feadh ré a bhfostaíochta mar Chomhraiceoir Dóiteáin.

Déanfar a chinneadh an gcomhlíonann iarrthóir an critéar maidir le fad ón stáisiún dóiteáin i dtéarmaí na freagartha riachtanacha bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an t-iarrthóir agus déanfar é a fhíorú trí úsáid a bhaint as Google Maps, eolas stáisiúin áitiúil nó modhanna réasúnta eile de réir mar a chinnfidh an Príomh-Oifigeach Dóiteáin.

Má éiríonn leat sa chomórtas, beidh gá le fianaise dhoiciméadach ar sheoltaí baile agus oibre sula gceapfar mar Chomhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht. Ní mór do Chomhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht fógra a thabhairt don Chomhairle Contae i scríbhinn faoi aon athruithe ina dhiaidh sin ar a áit chónaithe nó ar a áit fostaíochta. Má athraítear áit chónaithe nó áit fostaíochta a chuirfeadh Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht lasmuigh den achar forordaithe le haghaidh freagartha riachtanach, ciallaíonn sé sin go gcuirfear deireadh leis an bhfostaíocht go huathoibríoch. Déanfaidh an Chomhairle é sin a sheiceáil roimh an gceapachán agus go tréimhsiúil i ndiaidh an cheapacháin.

Fostaíocht Eile

Ní mór fianaise i scríbhinn a sholáthar ó fhostóir an chomhraiceoir dóiteáin maidir le hinfhaighteacht roimh an gceapachán, agus déanfaidh an Chomhairle Contae, de réir a lánrogha féin, cinneadh an bhfuil an infhaighteacht mar a chuirtear ar fáil amhlaidh inghlactha. Má athraíonn príomhfhostóir an Chomhraiceoir Dóiteáin a choinníollacha fostaíochta ina dhiaidh sin agus mura gceadaíonn sé/sí don Chomhraiceoir Dóiteáin freastal ar ghlaonna/cleachtaí dóiteáin le linn uaireanta oibre, cuirfear deireadh leis an bhfostaíocht. Ní mór do dhaoine féinfhostaithe fianaise i scríbhinn a sholáthar maidir le hinfhaighteacht roimh an gceapachán freisin. Ní mór don fhianaise scríofa sin infhaighteacht iarrthóra le haghaidh oiliúna tosaigh agus le haghaidh glaonna dóiteáin agus glaonna eile, cleachtaí, oiliúint agus dualgais eile den sórt sin a d'fhéadfadh an Chomhairle Contae a cheangal ar an gComhraiceoir Dóiteáin a chomhlíonadh a chumhdach.

Oideachas agus Taithí

Ní mór d'iarrthóir leibhéal oideachais oiriúnach a bheith bainte amach aige/aici chun go mbeidh sé/sí in ann dul faoi oiliúint chuí go rathúil, agus feidhmiú go sásúil mar Chomhraiceoir Dóiteáin. Ní mór do gach iarrthóir a bheith in ann leibhéal inniúil litearthachta agus uimhearthachta a léiriú chun go mbeidh siad in ann dualgais an ról a chomhlíonadh. Beidh ar iarrthóirí Tástáil Inniúlachta Litearthachta agus Uimhearthachta a dhéanamh mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Ceadúnas Tiomána

Ní mór d'iarthóir, ar dháta an iarratais, Ceadúnas Tiomána iomlán neamhfhormhuinithe den Aicme 'B' a bheith aige/aici. Tabharfar deis do gach Comhraiceoir Dóiteáin nuacheaptha ar Áirithíocht Ceadúnas Tiomána de Chatagóir C a fháil. Má chuirtear do cheadúnas ar ceal, fiú go sealadach, le linn do chuid fostaíochta, nó má fhaigheann tú formhuinithe ar do cheadúnas a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do do dhualgais, tá oibleagáid ort fógra a thabhairt don Chomhairle láithreach.

Saoránacht

Ní mór d'iarthóirí, faoi dháta aon tairisceana poist, a bheith:

- 1) Ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Is éard atá i gceist leis an LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua; nó
- 2) Ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- 3) Ina s(h)aoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an Aontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- 4) Ina s(h)aoránach neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó de chuid na Ríochta Aontaithe nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
- 5) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici nó
- 6) Ina s(h)aoránach neamh-LEE atá ina t(h)uismitheoir ar leanbh cleithiúnach atá ina s(h)aoránach de bhallstát LEE nó den Ríocht Aontaithe nó den Eilvéis, agus ina chónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

*Ní mór cinneadh ó Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a bheith ag gabháil le Cáilíochtaí Neamh-Éireannacha chun a n-inchomparáideacht i gcoinne Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann a dheimhniú, ní mór doiciméad aistriúcháin a bheith ag gabháil le cáilíochtaí ón gcoigríoch freisin.

Comhionannas Fostaíochta

Tá post an chomhraiceora dóiteáin oscailte do gach duine a chomhlíonann na critéir cháilitheacha. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

5. Forálacha Ilghnéitheacha

Tuarastal

Is fostaíocht pháirtaimseartha í seo. Déanfar cinneadh maidir le hiontráil ar an scála agus aird á tabhairt ar Chiorcláin na Roinne. Beidh pá d'iontrálaithe nua ag bun an scála pá ar dtús. Féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht	01/02/2026 scálaí pá	
Míonna seirbhíse	Fad ar an láthair	Tuarastal
Ar cheapachán-12 mhí	Bliain amháin	€16,852
12–48 mí	3 bliana	€17,864
48–84 mhí	3 bliana	€19,112
84+ mhí	Go dtí go scoirfear é/í	€20,251

Íocfar Comhraiceoirí Dóiteáin as freastal ar thine de réir na rátaí seo a leanas:

Ráta Bunúsach in aghaidh na hUaire (Ráta le haghaidh Druileanna)	Gnáthrátaí as Freastal		Ardrátaí as Freastal	
	An Chéad Uair	Uaireanta ina Dhiaidh Sin	An Chéad Uair	Uaireanta ina Dhiaidh Sin
€26.04	€52.08	€26.04	€104.16	€52.08

Áirítear an méid seo a leanas le luach saothair eile as freastal ar thine:

Tinreamh ag Druileanna in Aghaidh na hUaire (Ráta Druileanna Dúbailte)	€52.08
Íocaíocht Bhliantúil um Shábháilteacht Dóiteáin Pobail (40 uair an chloig ag an mBunráta Bliantúil)	€40.06
Íocaíocht um Shábháilteacht Dóiteáin an Phobail - In aghaidh na hUaire	€26.04

Íocfar Comhraiceoir Dóiteáin de réir na rátaí náisiúnta ceadaithe iomchuí maidir le Táillí Dóiteáin agus Áirithíochta. Beidh pá d'iontrálaithe nua ag bun an scála pá ar dtús. Féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Saoire Bhliantúil

Tá Comhraiceoir Dóiteáin i dteideal uasmhéid de 4 seachtaine oibre i.e. 28 lá saoire le pá in aghaidh na bliana. Beidh an íocaíocht as saoire bhliantúil 8% den tuilleamh, lena n-áirítear sábháilteacht dóiteáin phobail, dualgais stáisiúin, uaireanta druileanna, uaireanta oiliúna agus meán na nglanna sna 52 seachtain roimhe sin. Beidh ar Chomhraiceoir Dóiteáin cloí le téarmaí na Socruithe Bainistíochta Criú do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht mar a oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe iad.

Infhaighteacht agus Tinreamh

Tá oibleagáid ar Chomhraiceoirí Dóiteáin freastal ar ghlaonna foláirimh/dóiteáin agus ar dhruileanna. Seo an bunús ar a n-íoctar táille áirithíochta. Beidh Comhraiceoir Dóiteáin ar an uainchlár ar feadh 24 seachtaine ar a laghad gach bliain. I rith na seachtainí sin beidh sé éigeantach freastal ar gach glao nuair a chuirtear ar an eolas é/í. Is socruithe malartacha iad na socruithe, le seachtain amháin ar an uainchlár agus seachtain amháin solúbtha ina dhiaidh sin.

Oícheanta Druileanna

Ceanglaítear ar chomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht céatadán láithreachta de 85% a choinneáil de na hoícheanta druileanna uile (i.e. do na tréimhsí atá ar an uainchlár agus do na tréimhsí solúbtha araon).

Teagmhais

I gcás glao foláirimh/dóiteáin, freastalóidh an Comhraiceoir Dóiteáin ar gach glao laistigh dá dTréimhse ar Dualgas (24 Seachtain in aghaidh na bliana). Beidh ar chomhraiceoirí dóiteáin freastal ar 85% de na gnáthchleachtaí oiliúna. Beidh ar chomhraiceoirí dóiteáin freastal ar chúrsaí agus oiliúint speisialta ó am go ham laistigh agus lasmuigh den Chontae.

I gcás ina measann an Príomh-Oifigeach Dóiteáin nach bhfuil Comhraiceoir Dóiteáin ag comhlíonadh na gcaighdeán láithreachta thuasluaite a mheasann sé/sí a bheith réasúnta sna himthosca uile, breithneoidh an Príomh-Oifigeach Dóiteáin an cheist tinrimh faoi bheartas araíonachta na Comhairle. Déileálfar leis an nós imeachta araíonachta má leanann mainneachtain ina dhiaidh sin na caighdeáin tinrimh thuas a chomhlíonadh, gan chúis

mhaith, agus féadfaidh foirceannadh seirbhíse a bheith mar thoradh air sin de réir lánrogha na Comhairle Contae.

Oiliúint

Socrófar agus clárófar an oiliúint le fógra chomh luath agus is féidir, de ghnáth 4 seachtaine ar a laghad roimh ré. Freastalóidh comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht ar gach oiliúint de réir mar is gá agus féadfar an oiliúint sin a reáchtáil i seachtainí ina bhfuil daoine ainmnithe mar dhaoine atá ar an Uainchlár nó Solúbtha.

Promhadh

Ó dháta tosaithe mar Chomhraiceoir Dóiteáin atá earcaithe, beidh tréimhse 12 mhí ann ina mbeidh an Comhraiceoir Dóiteáin atá earcaithe ar promhadh. Le linn an ama seo déanfar measúnú leanúnach ar an gComhraiceoir Dóiteáin earcaithe chun a oiriúnacht/a hoiriúnacht le haghaidh fostaíochta leanúnaí a chinneadh. Féadfar an tréimhse 12 mhí sin a fhadú de réir lánrogha na Comhairle Contae. Ní bheidh an t-earcach ina Chomhraiceoir Dóiteáin buan ag deireadh na tréimhse promhaidh mura mbeidh an Chomhairle Contae sásta go raibh an Comhraiceoir Dóiteáin sásúil i ngach slí.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ní mór do chomhraiceoirí dóiteáin cloí le hAlt 13 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus cuirfidh siad eolas ar théarmaí chóras bainistíochta sábháilteachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus comhoibreoidh siad le téarmaí an chórais sin. Comhlíonfaidh Comhraiceoirí Dóiteáin ceanglais bheartais Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus freastalóidh sé/sí ar chúrsaí oiliúna nuair is gá. Tá an Chomhairle Contae tiomanta do chlár, a chur i bhfeidhm agus a chothabháil, a chinntíonn, nuair is féidir, go ndéantar gach riosca agus guais a dhíothú nó a rialú go leibhéal inghlactha.

Foghlaim agus Forbairt

Is coinníoll fostaíochta é go mbeidh ar iarrthóirí rathúla páirt a ghlacadh i gclár oiliúna a bhaineann leis na scileanna is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tá go leor deiseanna ann le haghaidh tuilleadh forbartha gairmiúla agus pearsanta.

Beidh ar Chomhraiceoirí Dóiteáin cloí le ceanglais Bheartas Oiliúna, Clár Oiliúna Bliantúil agus Clár Oíche Druileanna Sheirbhís Dóiteáin na Gaillimhe.

Freastalóidh Comhraiceoir Dóiteáin ar dhruileanna agus glacfaidh sé/sí páirt iontu agus déanfaidh sé/sí cúrsaí agus oiliúint bhreise ó am go ham de réir mar is gá nó de réir mar a mheasann an Chomhairle Contae is iomchuí. Is í an Chomhairle Contae a chinnfidh suíomh/suíomhanna na hoiliúna. Tabharfar fógra réamh-mheasta leordhóthanach do Chomhraiceoirí Dóiteáin. Féadfaidh measúnuithe leanúnacha a bheith san áireamh san oiliúint seo de réir mar a mheastar is iomchuí. Freastalóidh comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht ar gach oiliúint de réir mar is gá agus féadfar an oiliúint sin a reáchtáil i seachtainí ina bhfuil daoine ainmnithe mar dhaoine atá ar an Uainchlár nó Solúbtha. Beidh sé riachtanach freastal ar dhruileanna agus ar oiliúint, bíodh an Comhraiceoir Dóiteáin ar an uainchlár nó solúbtha, mura bhfuil sé ar saoire cheadaithe.

Beifear ag súil go bhfaighidh Comhraiceoir Dóiteáin leibhéal oiliúna agus eolais a chuirfidh ar a gcumas malartú le gach pearsanra ag leibhéal oibríochtúil i seirbhís dóiteáin Chomhairle Contae, agus gníomhú mar ionadaí dóibh.

Éadaí/Trealamh

Déanfar Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) a bhaineann le ról an Chomhraiceoir Dóiteáin a eisiúint agus a athsholáthar i gcomhréir le Beartas TCP Sheirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tabharfar éadaí agus trealamh cuí do gach Comhraiceoir Dóiteáin a cheapfar. Le linn dó/di a bheith ar dualgas, úsáidfídh Comhraiceoir Dóiteáin na héadaí agus an trealamh pearsanta a chuireann an Chomhairle ar fáil agus ba chóir iad a fhágáil sa stáisiún dóiteáin díreach nuair a scoireann sé/sí den dualgas.

Stórálfar an trealamh cosanta pearsanta agus an trealamh thuasluaite sa Stáisiún Dóiteáin agus rachaidh an Comhraiceoir Dóiteáin chuig an Stáisiún Dóiteáin chun a f(h)eistear dóiteáin a chur air/uirthi. Eiseoidh an Chomhairle glaoire do gach Comhraiceoir Dóiteáin a cheapfar. Beidh an glaoire ag an gComhraiceoir Dóiteáin i gcónaí agus é/í ar dualgas agus ní thabharfaidh sé/sí d'aon duine eile é.

Saoire Bhreiteachta

Beidh téarmaí Scéim Pá Breiteachta na Seirbhíse Poiblí i réim.

Pinsean

á ballraíocht i Scéim Pinsean na Seirbhíse Poiblí Aonair **éigeantach** do gach Comhraiceoir Dóiteáin nua ar Áirithíocht a thosaíonn ag obair an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Beidh feidhm ag forálacha na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i gcás Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht.

Ranníocaíocht Aoisliúntais

Má théann tú isteach sa tseirbhís phoiblí den chéad uair, ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis, beidh feidhm ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair maidir leat. Seo a leanas na ranníocaíochtaí pinsin: 3.5% den luach saothair glan inphinsin agus 3% den luach saothair inphinsin. Beidh an pinsean agus an cnapshuim scoir bunaithe ar an meánphá gairme; Déanfar pinsin a chomhordú leis an bPinsean Stáit (Ranníocach). Is Scéim Pinsin Sochair Shainithe í an Scéim Pinsin Aonair.

Duine a thagann chun bheith ina fhostaí inphinsin ag údarás áitiúil atá faoi dhliteanas an ráta ranníocaíochta ÁSPC Aicme A a íoc agus atá sa tseirbhís phoiblí roimh an 1 Eanáir 2013, beidh sé de cheangal air, i leith pinsin, ranníocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil ar ráta 1.5% den luach saothair inphinsin móide 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin (i.e. luach saothair inphinsin lúide dhá oiread an ráta bliantúil de phinsean ranníocach seanaoise árachais shóisialaigh is iníoctha ar an uasráta le duine gan aon chleithiúnach fásta ná leanaí cáilithe). Beidh ranníocaíochtaí infheidhme freisin maidir le scéim pinsin do Chéile agus do Leanaí.

Beidh ar dhuine a thagann chun bheith ina fhostaí inphinsin ag údarás áitiúil atá faoi dhliteanas an ráta ranníocaíochta ÁSPC den ráta Aicme D a íoc, i leith a (h)aoisliúntais, ranníocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil ar ráta 5% den luach saothair inphinsin. Féadfar a cheangal ar dhuine freisin, más infheidhme, maidir leis an Scéim Rialtais Áitiúil (Pinsean Ranníocach do Chéilí agus do Leanaí), ranníocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil ar ráta 1.5% den luach saothair inphinsin i gcomhréir le téarmaí na scéime.

Glactar le fostaithe i Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil de réir théarmaí Acht Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil (Comhdhlúthú), 1998 agus Acht Aoisliúntais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004, le héifeacht ó dháta an cheapacháin. Is Scéim Sochair Shainithe í an Scéim seo agus forálann sí d'íocaíocht pinsin, cnapshuime scoir agus aisce bháis.

Ní íoctar do shochair scoir ach amháin nuair a théann tú ar scoir, má tá an tréimhse dílseacháin dhá bhliain críochnaithe agat.

Sochair Fostaithe

Seo samplaí de chuid de Shochair Fhostaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair:

- Raon Beartas a thacaíonn le Teaghlaigh
- Scéim Sochair Optúil a bheith ar fáil
- Scéim um Rothaíocht chun na hOibre a bheith ar fáil

- Réimse deiseanna foghlama agus forbartha
- Saoire Mháithreachais agus Atharthachta le pá
- Rogha chun bheith i do bhall de Chlub Sóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- Clárú uathoibríoch i scéim pinsin
- Rochtain ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

6. Próiseas Roghnúcháin

Seo a leanas achoimre ghearr ar phróiseas earcaíochta comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tabhair faoi deara go bhfuil sé de cheart ag an gComhairle an próiseas earcaíochta a scor nó a athrú tráth ar bith.

Céim 1: Déan athbhreithniú ar an Doiciméad Eolais ina iomláine agus Comhlánaigh an Ceistneoir:

Comhlánaigh an ceistneoir in Aguisín I dar teideal ‘Gairm mar Chomhraiceoir Dóiteáin (páirtaimseartha) ar Áirithíocht - an oirfidh sé duitse?’ Má thugann tú freagra dearfach ar na ceisteanna uile; ba cheart duit ansin na ceanglais incháilitheachta íosta don phost atá sa doiciméad eolais seo a sheiceáil.

Céim 2: Iarratas Foirmiúil:

Chun go mbreithneofar thú don phost mar Chomhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht - tabhair cuairt ar www.galway.ie agus líon isteach an fhoirm iarratais atá ar fáil ar líne agus seol ríomhphost chuig hr@galwaycoco.ie. Nó is féidir leat an fhoirm a íoslódáil agus a phriontáil, agus nuair a bheidh sí comhlánaithe agat, cuir isteach í chuig: an Roinn Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh. Déanfaidh AD teagmháil leat go luath ina dhiaidh sin. Beidh gach iarratas a chuirtear isteach ag an bpointe seo faoi réir seiceálacha incháilitheachta.

Céim 3: Tástálacha Oiriúnachta a bhaineann leis an Obair:

Bogfaidh na hiarrthóirí uile a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh agallaimh ar aghaidh go dtí an chéad céim eile, na Tástálacha Oiriúnachta a bhaineann leis an Obair. Ní mór d'iarrthóir an leibhéal inniúlachta riachtanach a léiriú sna Tástálacha Oiriúnachta a Bhaineann leis an Obair chun dul ar aghaidh go dtí céim an Agallaimh. Ní mór d'iarratasóirí na cúig mheasúnú seo a leanas a chomhlánú agus a bheith rathúil iontu:

1. Dreapadh Dréimire agus Dearcadh i leith Airde
2. Deaslámhacht
3. An cumas a bheith ag obair i spás teoranta (agus gaireas análaithe ort)
4. Iompar Trealamh
5. Triail Mhianaigh

Céim 4: Agallamh:

Má éiríonn leat sna tástálacha oiriúnachta a bhaineann leis an obair, rachaidh tú ar aghaidh chuig agallamh. Beidh ról lárnach ag an bhfaisnéis a sholáthraíonn tú san fhoirm iarratais sa phróiseas agallaimh.

Déanfaidh Bord/Boird arna mbunú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe na hagallaimh. Déanfaidh an Bord/na Boird measúnú ar fhiúntais na n-iarrthóirí (ach amháin a mhéid a mheasúnófar iad ar shlí eile) i leith na nithe dá dtagraítear sna Cáilíochtaí forordaithe agus aon nithe ábhartha eile. Ní bhreithneofar le haghaidh roghnúcháin ach iarrthóirí a shroicheann caighdeán a mheasann Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheith sásúil san agallamh iomaíoch.

7. Seiceálacha Réamhfhostaíochta

Ní ráthaíocht é go dtairgfear post duit má fhaigheann tú áit ar phainéal ón gcomórtas seo.

Ní dhéanfaidh an Chomhairle ach an líon riachtanach iarrthóirí rathúla a chur chun cinn ag céim an agallaimh chun freastal ar líon na bhfolúntas a chinneadh an Chomhairle ag an am.

Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann Dochtúir Leighis na Comhairle a shásamh go bhfuil siad i riocht maith sláinte i gcoitinne agus go bhfuil an cumas acu na caighdeáin íosta aclaíochta a choinneáil ar feadh ré a ngairmeacha beatha.

Déanfar tagairtí d'iarrthóirí rathúla a sheiceáil agus déanfar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ag an bpointe seo freisin. Ní mór fianaise i scríbhinn a sholáthar ó fhostóir an Chomhraiceoir Dóiteáin maidir le hinfhaighteacht roimh an gceapachán. Ní mór do dhaoine féinfhostaithe fianaise i scríbhinn a sholáthar maidir le hinfhaighteacht roimh an gceapachán freisin.

Ní mór gach ceann de na nithe thuas a bheith críochnaithe go sásúil agus ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil chun tús a chur le hOiliúint Earcach ag Ionad agus ar an dáta a chinnfidh an Chomhairle. Mairfidh an Cúrsa Oiliúna Earcach/Cúrsa Oiliúna Scileanna Comhraiceoirí Dóiteáin ar feadh 3 seachtaine.

Ní mór do Chomhraiceoir Dóiteáin atá earcaithe a bheith in ann dul chun cinn leanúnach agus sásúil a dhéanamh chun a bheith rathúil sna tástálacha scríofa, béil agus praiticiúla a shocraítear ag eatraimh i rith na tréimhse seo. Tá an oiliúint éagsúil agus dúshlánach agus clúdaítear ábhair amhail; Múchadh dóiteáin, gaireas análaithe, oiliúint iompair dóiteáin urranna, garchabhair, agus sábháilteacht bhunúsach dóiteáin. Maidir le hiarrthóirí nach gcríochnaíonn go sásúil cúrsa an earcaigh, Cúrsa Tosaigh maidir le Gaireas Análaithe; Cúrsa Caiteoirí nó cúrsa Oiliúna Iompraíochta Dóiteáin Urrann, féadfar a gcuid fostaíochta a fhoirceannadh.

Cuirfear iarrthóirí rathúla chuig Stáisiún Dóiteáin oibríochtúil mar chuid den fhoireann oibríochtúil agus freastalóidh siad ar thine agus ar éigeandálaí eile. Beidh an ceapachán tosaigh ar feadh tréimhse promhaidh 12 mhí.

8. Cumarsáid

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe teagmháil leat, nuair is gá, ag gach céim den chomórtas trí ríomhphost/SMS. Moltar go láidir duit gan do sheoladh ríomhphoist ná d'uimhir theileafóin phóca a athrú le linn an chomórtais earcaíochta seo, mar go seolfar aon ríomhphost/téacsteachtaireacht chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir theileafóin a cuireadh ar fáil ar dtús ar d'fhoirm iarratais. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cheart go mbeadh an seoladh ríomhphoist a sholáthraíonn tú agus iarratas á dhéanamh agat ar cheann ar féidir leat rochtain a fháil air i gcónaí.

Is ar an iarratasóir atá sé an Roinn Acmhainní Daonna a chur ar an eolas faoi aon athrú ar sheoladh poist le linn an fheachtais earcaíochta agus roghnúcháin. Is féidir é sin a dhéanamh trí ríomhphost a chur chuig hr@galwaycoco.ie. Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe faighte aige/aici. Ní ghlacann Comhairle Chontae na Gaillimhe freagracht as cumarsáid nach bhfaigheann iarratasóir ná nach ndéanann sé/sí rochtain uirthi.

9. An Cló Beag

Eolas Ginearálta

Forchoimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart líon agus seicheamh gach céim den phróiseas roghnúcháin a athrú de réir mar a théann an comórtas ar aghaidh ag brath ar na huimhreacha a bheidh fágtha i ndiaidh gach céime.

Ní bheidh Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as aon chostais a thabhaigh iarrthóirí a aisíoc.

Ní hionann ligean isteach duine sa chomórtas, nó cuireadh chun páirt a ghlacadh in aon ghné den phróiseas roghnúcháin, nó freastal air, nó litir maidir le toradh rathúil, agus a rá go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta go gcomhlíonann an duine sin na ceanglais.

Ní ráthaíocht é go dtairgfear post duit má fhaigheann tú áit ar aon phainéal ón gcomórtas seo.

An Tábhacht a bhaineann le Rúndacht

Is féidir le hiarrthóirí a bheith ag súil go ndéanfar gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí a mhéid a bhainistíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe iad a láimhseáil mar rud atá faoi rún daingean faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014.

Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar

Iarrthóirí nach gcríochnaíonn agus nach gcuireann isteach aon mheasúnuithe roimh an dáta sonraithe; nó nach bhfreastalaíonn/nach nglacann siad le haon chéim den phróiseas roghnúcháin mar a iarrtar nó nach soláthraíonn an fhianaise sin a iarrtar maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh breise acu ar bhreithniú.

Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, agus tháinig sé in ionad an chreata cosanta sonraí atá ann faoi láthair faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí. Bailítear an fhaisnéis phearsanta (sonraí) a bhailítear ar an bhfoirm iarratais, lena n-áirítear aon cheangaltáin, (lena n-áirítear bailiú sonraí pearsanta íogaire) chun críche an iarratais seo a phróiseáil agus tá aon sonraí a bhailítear faoi réir ráiteas príobháideachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le fáil ag <https://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/privacystatement/>

Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe taifead i d'ainm, ina bhfuil cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá an fhaisnéis sin a shealbhaítear faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Téarmaí agus Coinníollacha

Trí iarratas a chur isteach, rochtain a fháil ar aon ábhair mheasúnaithe/tástála nó iarracht a dhéanamh orthu, aontaíonn tú a bheith faoi cheangal ag na téarmaí a leagtar amach thíos:

1. Tá cóipcheart ag gabháil le gach ábhar tástála agus measúnaithe agus tá gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar aon chuid de na hábhair tástálacha/mheasúnaithe (lena n-áirítear aon téacs, ceisteanna agus/nó roghanna freagraí féideartha) ná ábhair ghaolmhara (lena n-áirítear ábhair chleachtaidh agus/nó ábhair eolais) a atáirgeadh ná a tharchur in aon fhoirm

ná ar aon mhodh lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, grianghrafadóireacht, taifeadadh, modh scríofa ná ceann eile, ag aon chéim. Is cion é sin a dhéanamh agus d'fhéadfadh go ndéanfaí thú a eisiamh ón bpróiseas roghnúcháin.

2. Canbhasáil - Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéanann siad canbhasáil chun a n-iarrthóireacht a fheabhsú nó má spreagann siad daoine eile chun déanamh amhlaidh agus go n-eisiafar ón bhfeachtas earcaíochta iad dá bharr.

3. Ní mór d'iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta gan an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta
- Duine ar bith a chanbhasáil, le dreasachtaí nó gan dreasachtaí
- Cur isteach ar an bpróiseas nó é a chur i mbaol ar aon bhealach.

4. Ní ceadmhach do thríú páirtí ligean orthu gur iarrthóir é ag aon chéim den phróiseas. Más rud é go raibh nó go bhfuil duine a ciontaíodh i gcion den sórt sin ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- I gcás nach mbeidh sé/sí ceaptha chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir
- I gcás ina gceapfar é/í i ndiaidh an phróisis earcaíochta atá i gceist, caillfidh sé/sí an ceapachán sin.

5. Ní chiallaíonn ligean isteach duine sa chomórtas, nó cuireadh chun aon ghné den phróiseas roghnúcháin a dhéanamh, go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta go gcomhlíonann an duine sin na ceanglais riachtanacha.

Aguisín 1 Ceistneoir do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht

Is le d'úsáid féin amháin atá an fhoirm seo. Ná seol ar ais chugainn í. B'fhéidir gur mhaith leat é a choinneáil agus athbhreithniú a dhéanamh air níos déanaí sa phróiseas iarratais, áfach.

GAIRM MAR CHOMHRAICEOIR DÓITEÁIN AR ÁIRITHÍOCHT - AN OIRFIDH SÍ DUITSE?

Faighimid fiosrúcháin gach bliain ó fhir agus ó mhná ar mian leo a bheith ina gComhraiceoirí Dóiteáin. Is é ár gcuispóir a bheith cothrom agus cothromasach do gach iarratasóir inár n-earcaíocht agus inár roghnúchán. Tá an liosta ceisteanna seo a leanas curtha le chéile chun cabhrú leat a chinneadh an bhfuil sé oiriúnach duitse a bheith i do Chomhraiceoir Dóiteáin. Ticeáil **TÁ/IS FÉIDIR** nó **NÍL/NÍ FÉIDIR** le haghaidh gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

	<u>TÁ/IS FÉIDIR</u>	<u>NÍL/NÍ FÉIDIR</u>
An bhfuil tú in ann freastal ar riachtanais oibre i seirbhís smachtaithe faoi éide? An féidir leat orduithe a ghlacadh ó dhaoine eile?		
An bhfuil tú in ann na critéir maidir le maireachtáil agus obair (agus/nó staidéar) a chomhlíonadh laistigh den am freagartha sonraithe i.e. Ní mór do Chomhraiceoir Dóiteáin ar áirithíocht a bheith ina c(h)ónaí agus ag obair laistigh d'uasmhéid d'am taistil 8 nóiméad ón Stáisiún Dóiteáin ar áirithíocht atá sannta dóibh, chun go mbeidh siad in ann freagairt ar feadh ré a bhfostaíochta mar Chomhraiceoir Dóiteáin.		
An réitíonn tú le daoine ó chúlraí agus ó chultúir éagsúla?		
An bhfuil an neart mothúcháinach agat chun déileáil le himbhualadh tráchta bóthair nó cásanna eile ina bhféadfadh gortuithe tromchúiseacha nó bás a bheith ann?		

An féidir leat a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann dhlúth? An féidir leat oibriú faoi bhrú gan an chuid eile de d'fhoireann a ligean síos?		
An bhfuil an íogaireacht agat chun déileáil le baill den phobal nuair a bhíonn siad trína chéile, nuair a bhíonn mearbhall orthu nó nuair a bhíonn siad achrannach?		
An féidir leat freagracht a ghlacadh as ionadaíocht a dhéanamh ar an tSeirbhís Dóiteáin nuair a bhíonn tú ag an obair agus nuair nach mbíonn tú ag an obair?		
An bhfuil tú tiomanta do do scileanna a chothabháil agus a fhorbairt?		
An féidir leat a dhearbhuí nach bhfuil fóibe faoin uisce, clástrafóibe ná veirtige ort?		
An bhfuil tú tiomanta do do shláinte agus d'fholláine choirp a chothabháil? An bhfuil aclaíocht rialta mar chuid de do shaol laethúil?		
An bhfuil tú sásta oibriú nuair is gá san oíche, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí?		
An duine praiticiúil thú ar maith leis oibriú le do chuid lámha agus le trealamh? An mbaineann tú taitneamh as rudaí a dhéanamh nó a fháil amach conas a oibríonn rudaí?		
An féidir brath ort i gcónaí a bheith in am áit éigin? An duine thú a mheasann daoine eile mar dhuine iontaofa?		
An bhfuil tú ullamh le bheith ag obair amuigh faoin aer i ngach cineál aimsire, fiú má tá tú fliuch agus fuar agus mura bhfuil a fhios agat cathain a bheidh post críochnaithe?		
An mbeadh tú in ann déileáil le cur isteach ar do ghnáthamh laethúil ag am ar bith den lá nó den oíche chun taisteal chuig an stáisiún dóiteáin le haghaidh glao?		

An mbeadh an tacaíocht a theastaíonn uait ó do theaghlach/daoine a bhfuil cónaí ort leo chun go bhféadfá freagairt do ghlaonna ar ghearrfhógra agus a bheith coinnte siar ag glaonna chomh fada agus a thógann sé chun déileáil leo?		
--	--	--

Más rud é gur thug tú freagra dearfach ar an méid thuas, an féidir leat samplaí maithe a thabhairt chun tacú le do chuid freagraí? Más féidir leat, b'fhéidir gur mhaith leat a sheiceáil an gcomhlíonann tú na híoscháilíochtaí don phost agus a chinntiú go bhfuil an leabhrán seo léite agus tuigte agat.

Aguisín 2 Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Roghnúcháin

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo tiomantas Chomhairle Chontae na Gaillimhe caighdeáin dea-chleachtais agus ionracais a chomhlíonadh ina nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin. Leagtar amach ann freisin oibleagáidí agus freagrachtaí na ndaoine a dhéanann iarratas ar fhostaíocht leis an gComhairle, chomh maith lena gcearta. Tá sé bunaithe ar phrionsabail ghinearálta na cothroime agus na comhsheasmhachta sa chur chuige i leith na n-iarrthóirí uile, trí phróisis roghnúcháin ar bhonn inniúlachtaí a reáchtáiltear ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

FOGHRAÍOCHT

Tá an Chomhairle tiomanta a chinntiú go ndéantar fógra oscailte faoi fholúntais chun comhdheiseanna a sholáthar. Roghnaítear sásraí fógraíochta a thugann luach ar airgead agus atá oiriúnach don fholúntas atá á bhreithniú. Go ginearálta, fógraítear folúntais sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla de ghnáth, chomh maith le suíomh gréasáin na Comhairle ag www.galway.ie agus an suíomh gréasáin náisiúnta www.localgovernmentjobs.ie

REACHTAÍOCHT

Tá aird ag an gComhairle ar na ceanglais agus na breithnithe reachtacha ábhartha uile ina próisis earcaíochta agus roghnúcháin, lena n-áirítear;

- *Acht na dTeangacha Oifigiúla* – de réir bheartas an rialtais agus ag féachaint d'fhéiniúlacht chultúrtha ár gcontaetha, déanann an Chomhairle agallaimh roghnacha ó bhéal trí Ghaeilge mar chuid dá próiseas earcaíochta, lena mbronntar 3% / 6% breise de na marcanna a ghnóthaítear ag an bpríomhagallamh, ar iarrthóirí a léiríonn eolas réasúnta/an-mhaith ar an nGaeilge. Tá an Chomhairle tiomanta dá dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh ar bhonn pleanáilte.
- *Saoráil Faisnéise* – caitear leis an bhfaisnéis go léir a fhaigheann agus a phróiseálann an Chomhairle faoi rún faoi réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise.
- *Na hAchtanna um Chosaint Sonraí* – ní úsáidtear an fhaisnéis a chuirtear isteach le d'iarratas ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil, agus coinnítear an fhaisnéis sin faoi réir chearta agus oibleagáidí na nAchtanna um Chosaint Sonraí.
- *Na hAchtanna um Chomhionannas*– tugann an próiseas agallaimh agus na Boird Agallaimh aird ar gach breithniú comhionannais. Tá rochtain ar dheiseanna fostaíochta ag gach iarratasóir a d'fhéadfadh a bheith cáilithe, lena n-áirítear daoine

faoi mhíchumas, agus cuirtear na saoráidí iomchuí ar fáil dóibh lena chinntiú go mbeidh an deis acu feidhmiú chomh maith agus is féidir leo ag an agallamh.

CÉN FREAGRACHTAÍ ATÁ AGAT?

An Fhoirm Iarratais a Chomhlánú ina hIomláine – ní mór iarratais a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil agus ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán. Agus an fhoirm á comhlánú agat, tá sé ríthábhachtach go dtabharfar sonraí iomlána (e.g. dátaí fostaíochta agus dualgaís), mar d'fhéadfaí go gcuirfí ar an ngearrliosta tú bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil.

Aighneacht Roimh an Dáta Deiridh – ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar aghaidh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcóip chrua nó i gcóip leictreonach, tráth nach déanaí ná an t-am agus an dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil. Ba chóir foirm iarratais a sheoltar leis an bpost a chur sa phost in am trátha chun a chinntiú go seachadfar faoin spriocdháta í. Ní bhreithneofar líomhaintí maidir le cailteanas nó moill mura dtacaítear leo le Deimhniú Postais.

Freastal ag an Agallamh – ní bheidh aon éileamh breise ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh ná ar thástálacha mar is gá, nó nach soláthraíonn fianaise i ndáil lena n-iarrthóireacht nuair a iarrtar orthu, lena n-áirithint sa phróiseas earcaíochta don fholúntas sin.

Ionracas agus Cothroime – tá ceithre phríomhcheist san áireamh anseo:

- Aon iarracht ag iarrthóir, nó ag aon duine/daoine atá ag gníomhú ar a t(h)ionscnamh, go díreach nó go hindíreach trí chumarsáid i scríbhinn nó ar shlí eile, chun aon bhall foirne de chuid na Comhairle Contae nó duine a ainmneoidh an Chomhairle chun agallamh a chur ar iarratasóirí nó chun scrúdú a dhéanamh orthu a chanbhasáil nó tionchar a imirt orthu ar shlí eile i bhfabhar an iarrthóra, dícháileofar an t-iarrthóir go huathoibríoch don phost atá á lorg aige/aici
- Ní ceadmhach d'iarrthóirí faisnéis bhréagach a sholáthar d'aon ghnó ar a n-iarratas
- Ní fhéadfaidh aon duine eile aithris a dhéanamh ar iarrthóir ná ionadaíocht a dhéanamh ar a shon ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin
- Ní ceadmhach d'iarrthóirí cur isteach ar an bpróiseas ná é a chur i mbaol ar aon bhealach
- Aon iarrthóir a gheofar amach go ndéanann sé/sí aon cheann de na nithe thuas agus a bhí/ató ina (h)iarrthóir sa phróiseas earcaíochta, féadfar é/í a dhícháiliú mar iarrthóir nó, má cheaptar é/í, féadfar an ceapachán a chailleadh.

CEAPACHÁN AR BHONN FIÚNTAIS

- *Incháilitheacht* – féadfaidh an tAire/Comhlacht cuí ceanglais shonracha a leagan síos do phoist, amhail cáilíochtaí acadúla/gairmiúla, an méid íosta agus an cineál taithí

agus/nó eolais, agus i gcásanna áirithe, fachtóirí eile amhail sláinte/folláine, breithnithe maidir le himréiteach slándála, etc. Cuirtear na hiarrthóirí ar an eolas a luaite is féidir tar éis an dáta deiridh maidir le cinneadh maidir lena n-incháilitheacht don phost. Mar sin féin, ní chiallaíonn glacadh isteach i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh go bhfuil an Chomhairle sásta go gcomhlíonann an t-iarrthóir na ceanglais go léir nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir dlí ón bpost a shealbhú agus ní ráthaíocht é sin go ndéanfar d'iarratas a bhreithniú tuilleadh. Dá bhrí sin, is ar an iarrthóir atá an dualgas a chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta sula bhfreastalaíonn siad ar agallamh, toisc go bhfreastalaíonn iarrthóirí ar agallamh ar a gcostas féin.

- *Gearrliostú* – i gcás ina ndéanann líon mór daoine iarratas ar phost, coimeádann an Chomhairle an ceart gan glacadh isteach sa chomórtas ach iarrthóirí a bhfuil cuma orthu go bhfuil caighdeán leordhóthanach acu le haghaidh ceapacháin. Is féidir leis an bpróiseas gearrliosta a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas:-
 - Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis atá ina bhfoirm iarratais;
 - Tástálacha eile scríofa, ó bhéal nó praiticiúla atá oiriúnach don phost;
 - Réamhagallaimh chun líon na n-iarrthóirí a laghdú go líon níos inbhainistithe don Bhord Agallaimh deiridh nó
 - Réamhagallaimh chun iarrthóirí cáilithe a chinneadh, agus ina dhiaidh sin glaofar ar líon roghnaithe de na hiarrthóirí cáilithe ar ais le haghaidh agallaimh deiridh.
- *Príomhagallamh* – tá an Chomhairle tiomanta do phróiseas roghnúcháin ar bhonn fiúntais, bunaithe ar iomaíocht chóir agus oscailte. Beidh na critéir chun oiriúnacht agus rangú a mheas bainteach go díreach leis an gcáilíocht, na tréithe agus na scileanna a theastaíonn chun na dualgais agus na freagrachtaí a chomhlíonadh de réir an chaighdeáin a cheanglaítear sa phost.
- *Bord Agallaimh* – roghnaítear agus tionóltar an Bord Agallaimh agus a n-oiliúint, a dtaithí agus a saineolas sa réimse feidhme áirithe á gcur san áireamh. Cuirtear ionadaíocht inscne san áireamh freisin agus bord á bhunú, faoi réir infhaighteachta. Tugann Comhaltaí an Bhoird Agallaimh aird ar a bhfreagrachtaí faoi reachtaíocht Chomhionannais agus Shaoráil Faisnéise agus agallaimh á réachtáil.
- *Painéal* – tar éis na n-agallamh a bheith críochnaithe, féadfar painéal a bhunú, agus is faoi rogha na Comhairle a bheidh fad an phainéil sin. Cé go bhfanfaidh painéal i bhfeidhm, féadfar tairiscintí fostaíochta sealadaí nó buana a dhéanamh faoi réir deimhnithe cáilíochtaí agus clásail chomhlíontacha i ndáil le sláinte, carachtar nó riachtanais eile an phoist ar leith.

DO CHEART CHUN EOLAIS AGUS CHUN ACHOMHARC A DHÉANAMH

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas bríoch a thairiscint d'iarrthóirí a iarrann é, agus déileáil leis na hiarratais sin go tráthúil agus go héifeachtúil. Féadfar iarratas ar mharcanna a bronnadh ag agallamh agus ar thuairimí ón mBord Agallaimh a dhéanamh i scríbhinn chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Breithneoidh an Chomhairle achomhairc i ndáil le cinntí incháilitheachta agus gearrliosta. Ní mór d'iarrthóirí achomhairc den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 5 lá oibre ó fhógra an chinnidh ábhartha. Ar achomharc a fháil, déanfar athbhreithniú ar na cinntí roghnúcháin, agus cuirfear an t-iarrthóir ar an eolas faoi thoradh an athbhreithnithe seo.

Is fostóir comhdheiseanna í Comhairle Chontae na Gaillimhe

Seicliosta Iarratais

- ✓ Ní mór gach foirm iarratais a chuirtear isteach a bheith comhlánaithe go hiomlán agus na doiciméid uile a iarrtar (Doiciméid Cháilíochta Oideachais agus Ceadúnas Tiomána) a bheith san áireamh faoin dáta deiridh. Seolfar gach **iarratas neamhiomlán** ar ais mar iarratas **neamhbhailí** tar éis an dáta deiridh agus ní chuirfear san áireamh sa chomórtas iad.
- ✓ Cuir isteach d'fhoirm iarratais agus gach doiciméad riachtanach eile san áireamh chuig hr@galwaycoco.ie mar **AON DOICIMÉAD AMHÁIN** (seachas doiciméid a scanadh ina n-aonar) roimh an dáta agus an t-am deiridh.
- ✓ Ní mór an fhaisnéis uile a sholáthar ach ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil. Ní bhreithneofar faisnéis bhreise trí Curriculum Vitae.
- ✓ Cinntigh go dtugann tú freagra iomlán ar na ceisteanna go léir.
- ✓ Ní mór cóipeanna de cháilíochtaí oideachais agus ceadúnas tiomána (ní bunchóipeanna), i.e. Ardteistiméireacht, céim etc., cibé acu is infheidhme i do chás

féin, a chur isteach le d'iarratas. Beidh teastais bhunaidh ag teastáil roimh aon cheapachán.

- ✓ Is féidir iarratais a chur isteach trí ríomhphost chuig hr@galwaycoco.ie ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis riachtanach go léir san áireamh san iarratas (i.e. cóip scanta de cháilíochtaí oideachais, ceadúnas tiomána etc.)
- ✓ Déanfar gearrliosta d'iarratais bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais agus dá bhrí sin ba chóir duit a chinntiú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe go hiomlán agat agus go bhfuil an doiciméadacht uile a iarradh curtha isteach agat.
- ✓ Ba chóir d'iarrthóirí a sheolann a n-iarratais tríd an bpost go leor ama a cheadú chun a chinntiú go seachadtar iad tráth nach déanaí ná an t-am is déanaí le haghaidh glactha. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfaighidh an Roinn Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an fhoirm iarratais, ina hiomláine, mar aon leis an doiciméadacht uile a iarrtar, in am.
- ✓ Ní bhreithneofar éilimh gur cailleadh nó gur cuireadh moill ar aon fhoirm iarratais nó litir a bhaineann léi sa phost mura dtabharfar Deimhniú postála ó Oifig an Phoist ar aird mar thaca leis na héilimh sin. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh le an Post maidir le haon mhoilleanna.
- ✓ Cuir an Roinn Acmhainní Daonna ar an eolas faoi aon athrú seolta, uimhir theileafóin nó seoladh ríomhphoist, le do thoil.